Fadhbanna tithíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhadhbanna tithíochta sa tír. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail ar dheis?

1. Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta 2. milleán 3. geilleagar 4. gan dídean 5. meánphraghas 6. ag tuar 7. soláthar tithíochta 8. róbhorradh 9. ardú cíosa 10. tionchar	*a) homeless* b) *rent increase* c) *average price* d) *blame* e) *influence* f) *predicating* g) *Economic and Social Research Institute* h) *overheating* i) *housing supply* j) *economy*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus cuir na ceisteanna seo fúithi ar an duine in aice leat.



- Cad é ábhar na míre?
- An scéal maith é seo do dhaoine ar mhaith leo a gcéad teach a cheannach?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Deir an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta go dtiocfadh ardú 20% ar phraghsanna tithe faoin mbliain 2020. Cén fáth?

2. Cad a deir an Institiúid sin faoi luach tithe, faoin margadh tithíochta agus faoi phraghsanna idirnáisiúnta?

3. Cad atá le rá ag Institiúid Taighde Eacnamaíochta Nevin faoin scéal?

4. Cad a d'iarr Institiúid Nevin ar an Rialtas a dhéanamh?

5. Cén t-eolas a chuir daft.ie ar fáil?

Ceist 4 '…*níos measa*…'

Seo cuid de na haidiachtaí a bhfuil breischéim dheacair / mhírialta acu. An féidir leat na bearnaí a líonadh?

álainn	níos _____
beag	níos _____
dian	níos _____
fada	níos _____
fliuch	níos _____
maith	níos _____
ramhair	níos _____
saibhir	níos _____

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí in abairtí iad chun iad a chleachtadh. Mar shampla:

Tá Banríon Shasana níos saibhre ná Donald Trump.

Ceist 5 '…**Tá** an milleán á chur…'

1. Seo thíos na briathra mírialta san aimsir láithreach. Líon na bearnaí sa bhosca.

Abair	An ndeir tú…?		Ní deir.
Beir	An mbeireann sí…?	Beireann.	
Bí	An bhfuil sibh…?	Tá.	
Clois	An gcloisimid…?		Ní chloiseann.
Déan	An ndéanann sé…?	Déanann.	
Faigh	An bhfaigheann sibh…?	Faigheann.	
Feic	An bhfeiceann sí…?		Ní fheiceann.
Ith	An itheann tú…?	Itheann.	
Tabhair	An dtugaimid…?		Ní thugann.
Tar	An dtagann sé…?	Tagann.	
Téigh	An dtéann sí…?	Téann.	

2. Bain úsáid as na briathra ar fad chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoina s(h)aol laethúil. Bí cúramach! Beidh sé/sí féin ag cur ceisteanna ortsa freisin.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth nach bhfuil go leor tithe ar fáil in Éirinn faoi láthair, dar leat?

2. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le teach nó árasán a fháil ar cíos?

3. Cén fáth a bhfuil níos mó daoine gan dídean anois ná mar a bhí fiche bliain ó shin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
g	d	j	a	c	f	i	h	b	e

Ceist 2

Is cleachtadh cainte é seo. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán tar éis tamall cainte.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

álainn	níos **áille**
beag	níos **lú**
dian	níos **déine**
fada	níos **faide**
fliuch	níos **fliche**
maith	níos **fearr**
ramhair	níos **raimhre**
saibhir	níos **saibhre**

Ceist 5

1.

Abair	An ndeir tú…?	**Deir.**	Ní deir.
Beir	An mbeireann sí…?	Beireann.	**Ní bheireann.**
Bí	An bhfuil sibh…?	Tá.	**Níl.**
Clois	An gcloisimid…?	**Cloiseann.**	Ní chloiseann.
Déan	An ndéanann sé…?	Déanann.	**Ní dhéanann.**
Faigh	An bhfaigheann sibh…?	Faigheann.	**Ní fhaigheann.**
Feic	An bhfeiceann sí…?	**Feiceann.**	Ní fheiceann.
Ith	An itheann tú…?	Itheann.[1]	**Ní itheann.[2]**
Tabhair	An dtugaimid…?	**Tugann.**	Ní thugann.
Tar	An dtagann sé…?	Tagann.	**Ní thagann.**
Téigh	An dtéann sí…?	Téann.	**Ní théann.**

2. Tabhair deis do gach beirt na briathra a úsáid chun ceisteanna a chur ar a chéile.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

[1] Nó 'Ithim.'
[2] Nó 'Ní ithim.'

Eimear Ní Chonaola
Meastar go dtiocfaidh 20% d'ardú ar phraghsanna tithe idir seo agus 2020, de réir na hInstitiúide[3] Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá an milleán á chur ar fhás láidir geilleagair agus gan dóthain tithíochta a bheith ar fáil. Tá foláireamh tugtha ag saineolaithe go bhféadfadh níos mó daoine a bheith fágtha gan dídean agus go leanfaidh praghas cíosa ag ardú.

Eibhlín Ní Choistealbha
Sa bhliain suas go Meán Fómhair €265,000[4] an meánphraghas a bhí ar thigh[5] a cheannach in Éirinn. Anois i dtuarascáil nua de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, táthar ag tuar go dtiocfaidh 20% d'ardú ar phraghsanna tithe sa chéad trí bliana[6] eile amach romhainn. Tarlóidh sé seo mar gheall ar fhás láidir i gcúrsaí geilleagair, chomh maith le ráta mall i soláthar tithíochta. Maíonn an ESRI nach bhfuil ró-luach ar thithíocht, nach bhfuil róbhorradh sa mhargadh tithíochta agus, i gcomparáid le praghsanna idirnáisiúnta, deirtear go bhfuil an chuma ar chúrsaí go bhfuil praghsanna in Éirinn réasúnta.

Ach ní aontaíonn Institiúid Taighde Eacnamaíochta NEVIN leis seo. I dtéarmaí ioncaim, praghsanna tithe agus arduithe cíosa, deir siad go bhfuil an cás níos measa ná mar a bhí ag deireadh na n-ochtóidí agus nach bhfuil aon dabht faoi ach go mbeidh níos mó daoine fós fágtha gan dídean.

Tá iarrtha ag an Institiúid ar an Rialtas idirghabháil láithreach a dhéanamh chun dul i ngleic leis an soláthar tithíochta. Tá tionchar ag an easpa soláthar tithíochta ar phraghsanna cíosa a bheith ag ardú. De réir daft.ie chonacthas[7] 11% ardú i gcíos ar fud na tíre sa bhliain suas go Meán Fómhair. Tá an cíos i mBaile Átha Cliath 23% níos airde anois ná mar a bhí le linn thréimhse an Tíogair Cheiltigh.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

[3] *an Institiúid* a dúradh
[4] *dhá mhíle seasca a cúig míle* a dúradh
[5] *teach* an leagan caighdeánach
[6] *trí mbliana* a dúradh
[7] *facthas* a dúradh